Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Feabhra 2020
(OR. en)

5319/20

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2018/0413(CNS)
2018/0412(CNS)

FISC 29
ECOFIN 23

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Sonraí íocaíochta is ábhartha do CBL a tharchur agus a mhalartú<br>a) Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe a thabhairt isteach le haghaidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta<br>b) Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le bearta chun comhar riaracháin a neartú ar mhaithe le calaois CBL a chomhrac<br>– Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 12 Nollaig 2018, thíolaic an Coimisiún dhá thogra reachtacha maidir le sonraí íocaíochta is ábhartha do CBL a tharchur agus a mhalartú:

   i) togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe a thabhairt isteach le haghaidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta;[1]

   ii) togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le bearta chun comhar riaracháin a neartú chun calaois CBL a chomhrac[2].

[1] 15508/18.
[2] 15509/18.

2. Is é is aidhm don dá togra reachtacha sin brath calaoise cánach a éascú d'údaráis na mBallstát agus creat rialála CBT reatha a chomhlánú arna leasú le déanaí leis an Treoir um ríomhthráchtáil CBL[3]. Is é an méid seo a leanas is aidhm do na tograí:

i) rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát na taifid a chuireann na soláthraithe seirbhíse íocaíochta ar fáil go leictreonach a bhailiú ar bhealach comhchuibhithe; agus

ii) lárchóras leictreonach nua a bhunú chun an fhaisnéis íocaíochta a stóráil agus chun go ndéanfaidh oifigigh frith-chalaoise sna Ballstáit tuilleadh próiseála ar an bhfaisnéis sin faoi chuimsiú Eurofisc (is é Eurofisc an líonra le haghaidh malartú iltaobhach comharthaí luathrabhaidh chun calaois CBL a chomhrac, arna bhunú de bhun Chaibidil X de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010).

3. An 8 Samhain 2019, tháinig Comhairle Ecofin ar chur chuige ginearálta maidir leis an dá thogra reachtacha sin[4].

4. Eisíodh tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2019[5]. Eisíodh tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta na hEorpa an 15 Bealtaine 2019[6].

---

3 Treoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE agus Treoir 2009/132/CE a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí áirithe i ndáil le cáin bhreisluacha agus le seirbhísí agus ciandíolacháin earraí a sholáthar *(IO L 348, 29.12.2017, lch. 7).*

4 13519/19.

5 2018/0412(CNS) - P9_TA(2019)0090 agus 2018/0413(CNS) - P9_TA(2019)0091.

6 *IO C 240, 16.7.2019, lch. 33.*

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle na gníomhartha seo a leanas, mar a chuir na saineolaithe dlí/teanga bailchríoch orthu, mar mhír "A" ar chlár oibre ag cruinniú a bheidh ann amach anseo:

a) Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe a thabhairt isteach le haghaidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta, a leagtar amach in 14127/19 FISC 447 ECOFIN 1016;

b) Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le bearta chun comhar riaracháin a neartú ar mhaithe le calaois CBL a chomhrac, mar a leagtar amach in 14128/19 FISC 448 ECOFIN 1017.